**RABHADH**
**NÍ MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 p.m. go dtí 5.00 p.m.**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **<u>Ocht</u> gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **<u>Ceithre</u> cheist as ROINN 3 mar a leanas:**
**Ceist <u>amháin</u> as Cuid 1,**
**<u>Dhá</u> cheist as Cuid 2**
**agus ceist <u>amháin</u> eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an áireamháin a úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS AR ROINN 3**

## ROINN 1
**(80 marc)**
## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Cuir an ceistpháipéar seo ar ais, le do thoil, in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Déan idirdhealú idir na foirmeacha cánachais seo a leanas: Foirm P45 agus Foirm P60.

(a) Is éard is P45 ann ná:

______________________________

______________________________

(b) Is éard is P60 ann ná:

______________________________

______________________________

**2.** Agus úsáid á baint agat as dáta an lae inniu dréachtaigh meamram ó Pheadar Ó Murchú, Bainisteoir Margaíochta, chuig Máire Ní Bhriain, Bainisteoir Stiúrtha ar ghnó miondíola, agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhreasacht éagsúla sa tionscnamh díolacháin chun díolacháin a spreagadh.

**3.** Déan idirdhealú idir 'Dliteanas Poiblí' agus 'Ráthaíocht Dílseachta' mar chineálacha árachais.

(a) Is éard is Árachas Dliteanais Phoiblí ann ná:

______________________________

______________________________

(b) Is éard is Ráthaíocht Dílseachta ann ná:

______________________________

______________________________

**4.** Mínigh na téarmaí 'taighde deisce' agus 'taighde allamuigh'. Bain úsáid as sampla **amháin** i gcás gach ceann díobh chun tacú le do fhreagra.

(a) Is éard is Taighde Deisce ann ná:

________________________________________

________________________________________

Sampla:____________________________________

(b) Is éard is Taighde Allamuigh ann ná:

________________________________________

________________________________________

Sampla:____________________________________

**5.** (a) Mínigh an téarma 'Forbairt Pobail'.

Is éard is Forbairt Pobail ann ná:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a ghabhann le forbairt pobail.

(i) ______________________________________

________________________________________

(ii)______________________________________

________________________________________

**6.** Sainmhínigh 'an earnáil thánaisteach' agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** threocht reatha a bhfuil tionchar acu ar an earnáil seo in Éirinn.

________________________________________

________________________________________

Treochtaí reatha:

(i) ______________________________________

________________________________________

(ii)______________________________________

________________________________________

**7.** Taispeáin an difríocht atá idir 'fiontraíocht' agus 'bainistíocht'.

**8.** (a) Mínigh an téarma dlí 'comaoin'.

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné eile de chonradh atá ina cheangal dlí.

(i)

(ii)

**9.** Cuir 'jabtháirgeadh' agus 'baisctháirgeadh' i gcontrárthacht le chéile agus tabhair sampla cuí **amháin** i ngach cás.

**10.** (a) Mínigh an ról atá ag Comhairle na nAirí i gcinnteoireacht an AE.

(b) Ainmnigh **dhá** institiúid eile de chuid an AE a dhéanann cinntí.

(i)

(ii)

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 2
**(80 marc)**

**Is ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 1, 2 agus 3**

# Ceist ar an nGnó Feidhmeach

## Réitigh Fuinnimh Inathnuaite (RFI) Tta

Is innealtóir leictreach é Liam Best a bhunaigh Réitigh Fuinnimh (RFI) Tta deich mbliana ó shin. Allmhairíonn, soláthraíonn agus feistíonn sé grianphainéil atá tíosach ar fhuinneamh agus a úsáidtear chun tithe cónaithe agus gnólachtaí a théamh. Le linn dó a bheith ag freastal ar Aonach Trádála sa Ghearmáin ar son an fhostóra a bhí aige roimhe seo, d'aithin Liam nideog sa mhargadh do sholáthróir Éireannach a chuirfeadh grianphainéil ar fáil. Bhí taithí fiche bliain ag Liam i ngnó na soláthairtí teasa agus pluiméireachta agus bhí a fhios aige nach raibh ardú céime i ndán dó. Bheartaigh sé a ghnó féin a thosú. Bhí bainisteoir bainc Liam agus roinnt infheisteoirí príobháideacha eile sásta an t-airgeadas a chur ar fáil óir bhí siad an-tógtha leis an eolas a bhí ag Liam faoina tháirge agus leis an chaoi ar chreid sé ann. D'fhás an gnó go tapa agus ag deireadh na bliana 2007 bhí láimhdeachas €30 milliún aige agus tríocha duine ar an bhfoireann oibre aige.

Bhí am deacair ag an ngnólacht le bliain anuas, áfach. Ó thit líon na dtithe nua atá á dtógáil tá díolacháin na ngrianphainéal ag titim go seasta. Tá costais ag ardú agus tá sé ag éirí níos deacra don ghnólacht na harduithe sa phraghas a chur ar aghaidh chuig custaiméirí. Tá an sreabhadh airgid teann agus tá Liam buartha go háirithe nár íoc beirt de na custaiméirí is mó atá aige a gcuid billí in am. Ina theannta sin tá sé ag dul rite leis an ngnólacht airgeadas gearrthéarma a fháil de bharr an chúngaigh chreidmheasa atá ann faoi láthair. Tá fadhbanna á gcruthú freisin cionn is go bhfuil leibhéal an stoic sa trádstóras ag dul in airde. Tá roinnt custaiméirí tar éis grianphainéil a sheoladh ar ais de bharr damáiste a bhain dóibh sa trádstóras nó faoi bhealach.

Tá Liam muiníneach go méadóidh an t-éileamh ar fhoinsí fuinnimh ghlais in Éirinn arís. Creideann sé go mbeidh deiseanna ag an ngnólacht de bharr rialacha nua i gcomhair Rátáil Fuinnimh ar Fhoirgnimh (BER), chomh maith leis an éileamh atá ag méadú ar chórais teasa atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Tá ríomhphost seolta ag Liam chuig an bhfoireann iomlán, áfach, ag rá go gcaithfear gníomhú go tapa má tá an gnólacht le teacht slán as an gcúlú sa gheilleagar faoi láthair. Chun an iomarcaíocht éigeantach a sheachaint míníonn Liam ina ríomhphost go mbeidh sé riachtanach pá na n-oibrithe go léir a ghearradh de 10% láithreach. Chuaigh an fhoireann i dteagmháil lena gceardchumann chun a n-imní a chur in iúl faoin ngearradh pá atá molta. Tá cruinniú ceardchumainn eagraithe chun imní na n-oibrithe a phlé agus chun aontú ar fhreagra faoin ngearradh pá atá molta ag Liam.

**(A)** Léirigh agus úsáid á baint agat as samplaí ón téacs thuas, **ceithre** thréith fiontraíochta/scil atá léirithe ag Liam. (20 marc)

**(B)** Déan plé ar **thrí** chineál rialú bainistíochta a mholfá do Liam a chur i bhfeidhm chun todhchaí RFI Tta a dhéanamh slán. (30 marc)

**(C)** (i) Déan cur síos, ag baint úsáide as an téacs thuas duit, ar réiteach <u>neamhreachtach</u> **amháin** agus réiteach <u>reachtach</u> **amháin** ar an bhfadhb caidreamh thionsclaíoch atá roimh RFI Tta.

(ii) Conas mar ba chóir do Liam déileáil leis an scéal, dar leat, chun gur lú an baol go dtarlódh aighneas caidreamh tionsclaíoch?

(30 marc)
**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, Dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1
# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Daoine sa Ghnó**

*"Braitheann gnó rathúil ar chaidreamh dearfach gnó."*

**Ceist 1**

**(A)** Tabhair breac-chuntas, agus úsáid á baint agat as sampla, ar an ról atá ag grúpaí sainleasa i saol an ghnó. (10 marc)

**(B)** Déan plé ar conas is féidir le tomhaltóirí buntáiste a bhaint as caidreamh iomaíochta a bheith ann idir tháirgeoirí. (15 mharc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'idirdhealú fostaíochta' mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.

Liostaigh **ceithre** fhoras (bhonn) shoiléire a chuireann cosc ar idirdhealú faoin Acht.

(ii) Déan measúnú ar an ról atá ag Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais i réiteach gearán maidir le hidirdhealú sa láthair oibre. (35 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre**

**Ceist 2**

**(A)** Déan measúnú ar an 'saincheadú' mar chineál úinéireacht ghnó d'fhiontar nua.

(20 marc)

**(B)** *"Ní hamháin go mbaineann gnó le rudaí a dhéanamh i gceart, baineann sé freisin leis na rudaí cearta a dhéanamh."*
Déan cur síos ar na dualgais shóisialta atá ar ghnó dá pháirtithe leasmhara.

(20 marc)

**(C)** Déan plé ar conas a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann an córas cánach a úsáid chun timpeallacht dhearfach a chruthú don ghnó in Éirinn. Bain úsáid as samplaí chun do fhreagra a léiriú.

(20 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Idirnáisiúnta

### Ceist 3

*"Níl an AE ach leath chomh mór leis na Stáit Aontaithe ach tá an daonra ann os cionn 50% níos mó. Go deimhin tá daonra an AE ar an tríú daonra is mó ar domhan i ndiaidh na Síne agus na hIndia."*

**(A)** Déan measúnú ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin atá ann do ghnó na hÉireann i Margadh an AE. (30 marc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'margaíocht dhomhanda' **agus** ainmnigh **dhá** ghnó dhomhanda.

(ii) "Bíonn dúshláin bhreise mhargaíochta roimh ghnó atá páirteach i margaí domhanda." Déan plé ar na dúshláin seo agus bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra. (30 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS AR ROINN 3**

# ROINN 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

**Bainistíocht**

**Ceist 4**

*"Is mar a chéile rialacha na dea-bhainistíochta in amanna fáis nó in amanna cúlaithe."*

**(A)** (i) Mínigh an téarma 'tarmligean'.
(ii) Déan cur síos ar bhuntáistí an tarmligin do bhainisteoir. (20 marc)

**(B)** Déan anailís ar na himpleachtaí do ghnólacht nuair a ghlacann bainisteoir cur chuige Theoiric X chuici/chuige féin sa bhainistíocht. (20 marc)

**(C)** *"Is minic a bhíonn ceangal dlí ar bhaill den phobal eolas pearsanta a thabhairt ar láimh do chomhlachtaí poiblí."*
Déan plé ar fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí 1988 maidir leo seo:

(i) Cearta atá Ábhair na Sonraí
(ii) Dualgais Rialtóirí Sonraí. (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh / Bainistíocht**

**Ceist 5**

**(A)** (i) Mínigh an téarma 'comhghuaillíocht ghnó'.
(ii) Léirigh na buntáistí a bhaineann le comhghuaillíocht mar chaoi le gnó a leathnú. (20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar Chaipiteal Fiachais agus ar Chaipiteal Cothromais mar fhoinsí airgeadais chun gnó a leathnú. (20 marc)

**(C)** (i) Bain úsáid as na figiúirí thíos agus ríomh an cóimheas Fiachais/Cothromais ag SES Tta sna blianta 2006 **agus** 2007. (Taispeáin do chuid oibrithe.)

| | **2006** | **2007** |
|---|---|---|
| Iasachtaí Fadtéarma | 300,000 | 364,000 |
| Gnáth-Scairchaipiteal | 450,000 | 450,000 |
| Tuilleamh Coimeádta | 50,000 | 70,000 |

(ii) Déan trácht ar an tábhacht a bhaineann leis an treocht atá sa chóimheas Fiachais/Cothromais in imeacht an dá bhliain do na scairshealbhóirí atá ann faoi láthair. (20 marc)

**(60 marc)**

## Ceist 6

**(A)** Léirigh conas mar atá na forbairtí seo a leanas i dTeicneolaíocht na Cumarsáide agus na Faisnéise (ICT) tar éis dul i gcion ar chúrsaí gnó:

(i) Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI)
(ii) An tIdirlíon agus an Gréasán Domhanda
(iii) An Fhís-chomhdháil (20 marc)

**(B)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le Bainistíocht Láncháilíochta (TQM) do ghnó déantúsaíochta. (20 marc)

**(C)** *"Is é an sreabhadh airgid cuisle gnólachta ar bith agus tá an bhainistíocht a bhaineann leis fíorthábhachtach má tá gnólacht le maireachtáil."*
I Meán Fómhair 2008 d'ullmhaigh Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin an Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid seo a leanas.

| **Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid: Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin – Deireadh Fómhair go Nollaig 2008** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Deireadh Fómhair** | **Samhain** | **Nollaig** | **Iomlán** |
| | € | € | € | |
| **Fáltais** | | | | |
| Díolacháin ar Airgead síos | 12,500 | 9,500 | 10,000 | 32,000 |
| Díolacháin Chreidmheasa | 2,000 | 1,500 | 3,500 | 7,000 |
| Iomlán na bhFáltas | **14,500** | **11,000** | **13,500** | **39,000** |
| | | | | |
| **Íocaíochtaí** | | | | |
| Ceannacháin ar Airgead síos | 1,000 | 2,500 | 4,000 | 7,500 |
| Ceannacháin Chreidmheasa | 5,000 | 2,000 | 1,000 | 8,000 |
| Pá | 6,000 | 6,000 | 7,500 | 19,500 |
| Trealamh | 12,000 | - | - | 12,000 |
| Iomlán na nÍocaíochtaí | **24,000** | **10,500** | **12,500** | **47,000** |
| Airgead Glan | (9,500) | 500 | 1,000 | (8,000) |
| Airgead Tosaigh | 3,000 | (6,500) | (6,000) | 3000 |
| Airgead Deiridh | (6,500) | (6,000) | (5,000) | (5,000) |

(i) Mínigh an buntáiste a bhaineann Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin as Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú.
(ii) Bunaithe ar an eolas a tugtar thuas, tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin an riocht ina bhfuil an Sreabhadh Airgid an ghnólachta a fheabhsú.

(20 marc)
**(60 marc)**

THALL →

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

*Olympian Tta is ainm do chuideachta a tháirgeann éadach spóirt brandáilte atá ar chaighdeán ard. Tar éis próisis fhada de thaighde margaidh tá an gnólacht anois ag leathnú a ghnó agus raon nua de Chultacha Spóirt Húdaí a dhéanamh dírithe ar an margadh déagóirí.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna i bpróiseas forbartha an raoin nua de Chultacha Spóirt Húdaí. (20 marc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'deighilt an mhargaidh' agus léirigh do fhreagra le tagairt do Olympian Tta.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh Olympian Tta as deighilt an margaidh. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar na tosca ba chóir do Bhainisteoir Margaíochta Olympian Tta a chur san áireamh agus praghas díolacháin an raoin nua de Chultacha Spóirt Húdaí á shocrú. (20 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS AR ROINN 3**

Leathanach Bán

Leathanach Bán